Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**14429/21**

**JEUN 144**
**EDUC 394**
**SOC 701**
**EMPL 526**
**DIGIT 175**
**SAN 709**
**SUSTDEV 171**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Na Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13707/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le spásanna sibhialta a chosaint agus a chruthú do dhaoine óga lena n-éascaítear rannpháirtíocht fhóinteach na hóige |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le spásanna sibhialta a chosaint agus a chruthú do dhaoine óga lena n-éascaítear rannpháirtíocht fhóinteach na hóige, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 29-30 Samhain 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le spásanna sibhialta a chosaint agus a chruthú do dhaoine óga lena n-éascaítear rannpháirtíocht fhóinteach na hóige**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT ACU

1. Chomhaontaigh an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát go 'tacaíonn comhar ar leibhéal an Aontais i réimse na hóige le rannpháirtíocht shóisialta agus saoránach agus go bhfuil sé mar aidhm leis a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag gach duine óg chun páirt a ghlacadh sa tsochaí'[1]

2. Tá daoine óga ar cheann de na láidreachtaí inár sochaí, chomh maith le bheith ina sealbhóirí ar chearta an duine aonair. Dá réir sin, tá sé de cheart acu páirt fhóinteach a ghlacadh i bhforbairt, cur chun feidhme, faireachán, meastóireacht agus obair leantach a dhéanamh ar bheartais a ndéanann difear dóibh agus don tsochaí i gcoitinne[2].

3. 'Tá daonlathas sláintiúil ag brath ar rannpháirtíocht na saoránach agus ar shochaí shibhialta ghníomhach, ní hamháin tráth an toghcháin, ach an t-am ar fad. Is iad saoránaigh óga agus eagraíochtaí atá rannpháirteach, feasach agus cumhachtaithe, agus iad ag tacú lena leasanna, an ráthaíocht is fearr maidir le hathléimneacht ár ndaonlathas'[3], agus maidir leis an leas coiteann.

---

[1] Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 (2018/C 456/01, 18.12.2018, lch. 2).

[2] Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 (2018/C 456/01, 18.12.2018, lch. 3).

[3] *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on the European Democracy Action Plan* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach], (COM (2020) 790, 3.12.2020, lch. 3).

4. Fothaithe ar luachanna amhail an daonlathas, an t-iolrachas, an comhionannas agus an smacht reachta atá an tAontas Eorpach. Bunchlocha doshannta den fhís Eorpach iad meas ar chearta an duine, ar an tsaoirse, ar an neamhidirdhealú, ar an gcomhionannas inscne, ar an gcaoinfhulaingt agus ar chosaint na ndaoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad[4].

5. 'Mar thoradh ar phaindéim COVID-19 atá ann i láthair na huaire, agus ar na hiarmhairtí socheacnamaíocha a bhaineann léi, tá méadú ag teacht ar an éifeacht dhiúltach atá ar chearta uile an duine, ar an daonlathas, agus ar an smacht reachta, lena n-áirítear ar an spás sibhialta'[5].

6. De thoradh rannpháirtíocht daoine óga i bpróisis dhaonlathacha a fhorbairt a thuilleadh i gcomhréir leis an Rún ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht pholaitiúil daoine óga i saol daonlathach na hEorpa[6] a spreagadh, leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le feasacht dhaonlathach agus rannpháirtíocht dhaonlathach a chothú i measc daoine óga san Eoraip[7] agus leis na Conclúidí maidir leis an rialachas il-leibhéil a neartú agus rannpháirtíocht daoine óga sna próisis chinnteoireachta[8] á gcur chun cinn, cuideofar le spásanna sibhialta do dhaoine óga a neartú agus spreagfar daoine óga a bheith rannpháirteach iontu.

---

**4** Tá an mhír seo bunaithe ar Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

5 Conclúidí ón gComhairle maidir le téarnamh iar-COVID-19 atá bunaithe ar chearta an duine (6324/21, 22.2.2021).

6 *Council Resolution on encouraging political participation of young people in democratic life in Europe* [Rún ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht pholaitiúil daoine óga i saol daonlathach na hEorpa a spreagadh] (IO C 417, an 15.12.2015, lch. 10).

7 Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an bhfeasacht dhaonlathach agus an rannpháirtíocht dhaonlathach a chothú i measc daoine óga san Eoraip (IO C 415, an 1.12.2020, lch. 16).

8 Conclúidí maidir leis an rialachas il-leibhéil a neartú agus rannpháirtíocht daoine óga i bpróisis chinnteoireachta á cur chun cinn (8766/21, 17.5.2021).

MEASANN SIAD mar a leanas

7. Is spásanna iad spásanna sibhialta do dhaoine óga a cheadaíonn a rannpháirtíocht fhóinteach sa tsochaí agus is cuid ríthábhachtach d'aon tsochaí dhaonlathach iad[9]. Is timpeallachtaí polaitiúla, poiblí agus sóisialta (ar líne agus as líne) iad a chomhlíonann tacar coinníollacha dlíthiúla, beartais, institiúideacha agus praiticiúla lena gcuirtear ar chumas daoine óga a saoirsí sibhialta a fheidhmiú ó thaobh rochtain a fháil ar fhaisnéis, a dtuairimí a chur in iúl, agus comhlachais nó eagraíochtaí a fhoirmiú chun páirt a ghlacadh sa saol poiblí, d'fhonn tionchar a imirt ar shochaithe agus iad a mhúnlú.

8. Ós rud é gur spásanna dinimiciúla a bhíonn ag síorathrú iad na spásanna sibhialta do dhaoine óga, tá na heagraíochtaí daonlathacha agus neamhspleácha uile atá gníomhach i réimse na hóige agus grúpaí neamhfhoirmiúla de dhaoine óga ina bpríomhghníomhaithe chun rannpháirtíocht na hóige a chur chun cinn agus ba cheart, dá bhrí sin, tacú leo agus iad a chosaint.

9. Tá spásanna sibhialta atá saor, sábháilte, oscailte, inrochtana, cuimsitheach agus ionadaíoch de dhíth ar dhaoine óga a chuireann ar a gcumas comhlachais a bhunú, chun páirt a ghlacadh i réimsí a bhaineann lena riachtanais agus lena leasanna, gan beann ar an topaic, chun labhairt amach ar shaincheisteanna poiblí agus chun páirt a ghlacadh sa chinnteoireacht phoiblí.

10. Le rannpháirtíocht ghníomhach grúpaí éagsúla daoine óga, lena n-áirítear daoine óga atá leochaileach nó iadsan a chloistear go hannamh amhail imircigh óga, i réimse spásanna sibhialta, cuidítear leo na hinniúlachtaí is gá le haghaidh rannpháirtíocht saoránach a fhorbairt. Ag an am céanna, cuireann sé a bhforbairt phearsanta, ghairmiúil agus shóisialta chun cinn, cuireann sé le luachanna an Aontais Eorpaigh[10], le comhtháthú sóisialta, le comhoibriú idirghlúine, agus áirithíonn sé go léiríonn an daonlathas agus an tsaoránacht éagsúlacht na bpeirspictíochtaí agus an t-iolrachas atá sa tsochaí.

---

9 Tá an coincheap 'spásanna sibhialta do dhaoine óga' a úsáidtear sna conclúidí seo bunaithe ar shainmhíniú ECFE ar spásanna sibhialta do ghníomhaithe neamhrialtasacha.

10 *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, Leaganacha comhdhlúite den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, (2016/C 202/01).

11. 'Catalaíoch tábhachtach do nuálaíochtaí sóisialta éagsúla'[11] a bhí i rannpháirtíocht daoine óga i spásanna sibhialta, rud a léiríonn go gcuireann na spásanna seo le próisis chinnteoireachta atá níos daonlathaí agus níos eolasaí, rud a neartaíonn cáilíocht an daonlathais. Ar an lámh eile, tá daoine óga an-leochaileach maidir le hidirdhealú agus maidir le srian a chur ar spásanna sibhialta[12].

12. Is feiniméin dhomhanda iad an cúngú ar an spás sibhialta do dhaoine óga agus na sáruithe ar chearta bunúsacha agus daonlathacha a tuairiscíodh a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt do dhaonlathais ar fud na hEorpa, gan beann ar fhorbairt eacnamaíoch nó ar shuíomh geografach. Léirítear i staidéir gur tuairiscíodh freisin go bhfuil na deiseanna atá ann d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun páirt a ghlacadh i bpróisis bheartais teoranta [13]**.**

13. Ba cheart d'eagraíochtaí atá gníomhach i réimse na hóige agus grúpaí neamhfhoirmiúla de dhaoine óga a bheith rannpháirteach i bpríomhthionscadail a fhorbairt maidir leis na hábhair uile a chumhdaítear faoin aon cheann déag de Spriocanna Eorpacha don Óige i measc nithe eile. Ina theannta sin, tá na heagraíochtaí sin ríthábhachtach chun seirbhísí agus tacaíocht a sholáthar do dhaoine óga, rud a chomhlánaíonn go minic na seirbhísí a sholáthraíonn na húdaráis phoiblí.

14. Mar thoradh ar phaindéim COVID-19, tá na spásanna sibhialta do dhaoine óga ina lán tíortha ag cúngú a thuilleadh, agus is minic a úsáidtear a gcoibhéisí ar líne mar an t-aon rogha mhalartach inmharthana amháin. Tá roinnt de na ceachtanna a foghlaimíodh dearfach, mar shampla, i gcás inar thángthas ar fheidhmiúlachtaí nua i spásanna digiteacha, ach mar sin féin, nochtadh saincheisteanna a bhaineann le rochtain (bonneagar), cumas (inniúlachtaí) agus sábháilteacht daoine óga ar líne leis an imirce chuig spásanna sibhialta ar líne.

---

[11] *Safeguarding Civic Space for Young People in Europe, European Youth Forum* [An Spás Sibhialta do Dhaoine Óga san Eoraip a chosaint, Fóram Eorpach na hÓige] (lch. 8)

[12] Comhpháirtíocht na hóige: *Youth Partnership: Tomaž Deželan and Laden Yurttagüler, Pool of European Youth Researchers, Shrinking democratic space for youth*, [Comhpháirtíocht na hóige, Tomaž Deželan agus Laden Yurttagüler, Díorma na dTaighdeoirí Óige Eorpacha, Spás daonlathach don óige atá ag dul i laghad], 2021.

[13] Comhpháirtíocht na hóige: *Youth Partnership: Tomaž Deželan and Laden Yurttagüler, Pool of European Youth Researchers, Shrinking democratic space for youth*, [Comhpháirtíocht na hóige, Tomaž Deželan agus Laden Yurttagüler, Díorma na dTaighdeoirí Óige Eorpacha, Spás daonlathach don óige atá ag dul i laghad], 2021.

CUIREANN SIAD I dTÁBHACHT

15. Níl cur chuige amháin a oireann do gach cás iomchuí chun timpeallacht chumasúcháin a fhorbairt chun tacú le heagraíochtaí atá gníomhach i réimse na hóige agus grúpaí neamhfhoirmiúla de dhaoine óga. Ní mór aird a thabhairt ar an dearadh uilíoch, ar chúlraí éagsúla cultúrtha agus geografacha, ar neamhionannais struchtúracha, ar neamh-chomhionannas inscne agus ar ghnéithe idirghabhála eile, i gcás ina gcuirtear leo siúd cosc ar dhaoine óga agus ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta oibriú gan bhac agus páirt a ghlacadh ar bhealach fóinteach.

16. Má chaitear an iomarca ama ar scáileáin agus ar ghníomhaíochtaí ar líne, bíonn tionchar diúltach aige sin ar mheabhairshláinte, sláinte fhisiciúil agus shóisialta daoine óga[14]. Mar sin féin, tá tearmann tábhachtach curtha ar fáil do go leor daoine óga i spásanna sibhialta ar líne, áit ar féidir leo leas a bhaint as a gcearta saoránacha, go háirithe le linn phaindéim COVID-19. Mar sin féin, cé nach mór aird a thabhairt ar chúrsaí a bhaineann leis an tsláinte, ní mór freisin aghaidh a thabhairt ar an tsábháilteacht ar líne agus ar an deighilt dhigiteach (lena n-áirítear bonneagar agus bacainní cognaíocha). Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh sé ina thosaíocht ag na geallsealbhóirí uile an chothromaíocht cheart a aimsiú idir rannpháirtíocht ar líne agus as líne maidir le tacú le spásanna sibhialta do dhaoine óga.

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

17. Spásanna sibhialta a chosaint agus a leathnú do gach duine óg, go háirithe iad siúd is mó atá thíos le paindéim COVID-19 agus bearta breise a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine óga ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus a bhfuil níos lú deiseanna acu, go háirithe iad siúd ó cheantair iargúlta agus ó cheantair thuaithe agus iad siúd atá faoi mhíchumas, ar na spásanna sin agus go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh iontu. Ba cheart infheictheacht agus inrochtaineacht na spásanna sin do dhaoine óga a chothú freisin.

---

14 *UNICEF statement, Growing concern for well-being of children and young people amid soaring screen time*, [Ráiteas UNICEF, Ábhar imní atá ag dul i méid maidir le dea-bhail leanaí agus daoine óga agus an t-uafás ama á chaitheamh acu ar scáileáin, an 8 Feabhra 2021].

18. Aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a bhaineann le próisis agus le hionstraimí arb iad is cúis le ganntanas spásanna poiblí saor in aisce agus inrochtana, nó a fhorchuireann bacainní suntasacha i leith daoine óga atá ag iarraidh rochtain a fháil ar spásanna sibhialta agus páirt a ghlacadh iontu, eadhon uirlisí tráchtála lena n-úsáidtear algartaim lena soláthraítear margaíocht phearsantaithe, uaisliú, tréigean na tuaithe agus méadú ar thráchtálú spásanna fisiciúla agus ar líne[15].

19. Aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a bhaineann le príobháideachas daoine óga a bhfuil a gcearta agus a saoirsí saoránacha á bhfeidhmiú acu, chun a sábháilteacht phearsanta a áirithiú agus urraim do chearta an duine aonair a áirithiú, ar cheart iad a chur chun cinn i dteanga shothuigthe, agus a gcuid sonraí a rialú, thar aon ní eile, trí phróiseáil shlán agus dhleathach a dhéanamh ar na sonraí uile ar leo iad nó a bhaineann leo mar a shainítear i Rialachán Ginearálta an Aontais maidir le Cosaint Sonraí.

20. Na bacainní roimh rannpháirtíocht ar líne daoine óga a chur san áireamh (*inter alia*, rochtain ar an idirlíon, inniúlachtaí digiteacha, easpa bonneagar agus trealaimh) agus dícheall a dhéanamh sábháilteacht spásanna digiteacha sibhialta don aos óg a áirithiú tríd an athléimneacht dhigiteach a chothú go háirithe trí litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin agus feasacht daoine óga a neartú, lena n-áirítear trí bhearta sábháilteachta chun daoine óga a chosaint ar mhífhaisnéis, bréagaisnéis, bolscaireacht, polarú sochaíoch, fuathchaint agus cibearbhulaíocht, mealltóireacht ar líne, etc.

[15] Smith, Neil (1996) *The new urban frontier: Gentrification and the revanchist city* [An teorainn uirbeach nua: Uaisliú agus cathair na hathbheochana]. Londain, Routledge. Day, Kristen (1999) *Introducing gender to the critique of privatized public space. Journal of Urban Design, Vol.4, No. 2.* [Inscne a thabhairt isteach maidir le léirmheas ar spás poiblí príobháidithe. Iris an Deartha Uirbigh, Iml.4, Uimh. 2.] Kohn, M., (2004) *Brave new neighborhoods: The privatization of public space. New York, Routledge*. [Comharsanachtaí cróga nua: Spás poiblí a phríobháidiú.] Nua Eabhrac, Routledge.

21. Soláthraithe oideachais i ngach réimse foghlama (foirmiúil, seachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil) a aithint mar phríomhghníomhaithe chun cineálacha éagsúla oideachais saoránachta a chur chun cinn lena ndírítear ar inniúlachtaí don tsaoránacht ghníomhach is gá, rud a chuireann le sochaí níos daonlathaí.

22. Próisis shaoránacha agus pholaitiúla agus comhar gníomhach idir eagraíochtaí don óige agus institiúidí oideachais agus oiliúna maidir le comhthionscadail a chur chun cinn, *inter alia*, chun feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh spásanna sibhialta atá ann cheana nó spásanna sibhialta nua a chruthú, agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú praiticiúil a dhéanamh chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus Spriocanna Eorpacha na hÓige a bhaint amach.

23. Gealltanas a thabhairt i ndáil le hidirghníomhaíochtaí nó bealaí cumarsáide atá comhdheartha agus comhbhainistithe idir údaráis phoiblí agus daoine óga trí spásanna sibhialta, agus tacú leo, i gcás inarb infheidhme, lena n-áirítear iad siúd arna dtacú agus arna gcothabháil ag eagraíochtaí atá gníomhach i réimse na hóige agus grúpaí neamhfhoirmiúla de dhaoine óga, chun ionadaíocht fhóinteach éagsúil ar ghuthanna daoine óga a éascú agus chun tionchar nithiúil a imirt ar fhorbairt, ar chur chun feidhme agus ar obair leantach na mbeartas atá ábhartha do dhaoine óga.

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, INA RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FÉIN AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

24. Seacht ndícheall a dhéanamh chun spásanna sibhialta éagsúla do dhaoine óga a chosaint agus a leathnú ar gach leibhéal trí mhaoiniú struchtúrach inbhuanaithe agus, i gcás inarb iomchuí, féachaint ar mhaoiniú tionscadalbhunaithe d’eagraíochtaí atá gníomhach i réimse na hóige agus grúpaí neamhfhoirmiúla de dhaoine óga. Feasacht a mhúscailt i measc daoine óga maidir leis na saoirsí saoránacha agus polaitiúla atá acu agus maidir leis na deiseanna atá acu leas a bhaint astu trína rannpháirtíocht i spásanna sibhialta.

25. Tacú le heagraíochtaí atá gníomhach i réimse na hóige agus grúpaí neamhfhoirmiúla de dhaoine óga chun an fhuathchaint agus bagairtí eile ar a ngníomhaíochtaí a chomhrac, go háirithe maidir le feidhmiú a saoirse chun tuairimí a nochtadh, a saoirse comhlachais agus comhthionóil.

26. Faireachán, measúnú agus tacaíocht leanúnach a dhéanamh ar an timpeallacht chumasúcháin le haghaidh spásanna sibhialta do dhaoine óga, agus bagairtí ar na spásanna sin a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu ag an am céanna.

27. Rochtain éasca a chur ar fáil ar fhaisnéis i bhformáid inrochtana agus, i gcás inarb iomchuí, i dteanga atá fabhrach don óige agus i gcomhréir le ‘Cairt Eorpach um Fhaisnéis don Aos Óg’[16], chun trédhearcacht a chothú agus muinín daoine óga in institiúidí polaitiúla a fheabhsú agus bearta leordhóthanacha a chur i bhfeidhm ag an am céanna, go háirithe trí litearthacht sna meáin a chur chun cinn chun dul i ngleic leis an mífhaisnéis, leis an mbréagaisnéis, leis an mbolscaireacht, leis an bpolarú sochaíoch, leis an bhfuathchaint, le teoiricí comhcheilge, leis an gcibearbhulaíocht agus leis an mealltóireacht ar líne, etc.

---

**16** Is tacar prionsabal gairmiúil agus treoirlínte maidir le faisnéis don óige agus obair chomhairleoireachta í an Chairt Eorpach um Fhaisnéis don Aos Óg.

28. An fhor-rochtain institiúideach a mhéadú do dhaoine óga (go díreach nó trí eagraíochtaí atá gníomhach i réimse na hóige agus grúpaí neamhfhoirmiúla de dhaoine óga) trí úsáid a bhaint as uirlisí rannpháirtíochta éifeachtacha as líne agus ar líne. Ina theannta sin, leas a bhaint as sásraí atá deartha i gcomhar le daoine óga iad féin, atá aitheanta ag lucht déanta cinntí agus a fhaigheann tacaíocht ó thaighde neamhspleách chun rannpháirtíocht daoine óga i spásanna sibhialta agus sa pholaitíocht a éascú.

29. Scrúdú a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha, ar na héifeachtaí a bhíonn ag uirlisí tráchtála lena n-úsáidtear algartaim chun margaíocht phearsantaithe a sheachadadh ar spásanna sibhialta do dhaoine óga agus dul i mbun idirphlé le soláthraithe na n-uirlisí sin chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu ar spásanna sibhialta. Machnamh a dhéanamh ar bhearta riachtanacha, oiriúnacha agus comhréireacha a ghlacadh chun dul i ngleic le haon éifeachtaí diúltacha a bhaineann le huirlisí tráchtála nach féidir a mhaolú tríd an idirphlé.

30. Tacú le taighde agus faireachán a dhéanamh ar staid na spásanna sibhialta do dhaoine óga ar fud an Aontais Eorpaigh, agus ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, lena n-áirítear na dúshláin agus na bagairtí nach mór dóibh aghaidh a thabhairt orthu agus meastóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht daoine óga i spásanna sibhialta.

31. Machnamh a dhéanamh ar aird ar leith a thabhairt ar spásanna sibhialta don óige agus ar shaoirsí bunúsacha daoine óga i mBliain Eorpach na hÓige 2022.

IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH

32. Tacú le spásanna sibhialta neamhthráchtála, oscailte, cuimsitheacha agus sábháilte do dhaoine óga, trí chláir éagsúla Eorpacha, lena n-áirítear na príomhchláir i réimse na hóige amhail Erasmus+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, agus trasna earnálacha.

33. Ról breise a thabhairt do dhaoine óga agus d'eagraíochtaí atá gníomhach i réimse na hóige agus grúpaí neamhfhoirmiúla de dhaoine óga i bpleanáil, i gcur chun feidhme agus i mbearta leantacha na dtionscnamh Eorpach a mbíonn tionchar acu ar a saol, amhail Bauhaus Nua Eorpach, an Comhshocrú Aeráide Eorpach agus an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, agus aird á tabhairt ar an ról atá ag na tionscnaimh sin maidir le spásanna sibhialta a chur ar fáil do dhaoine óga.

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

*Tagairtí*

Agus na conclúidí seo á nglacadh acu, tugann an Chomhairle agus ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, dá n-aire na doiciméid seo a leanas:


- An tAirmheán Comhpháirteach Taighde: *Scientific and Technical Reports, Measuring Civic Competence in Europe, A composite indicator based on IEA Civic Education Study 1999 for 14 years old in School*, [Tuarascálacha Eolaíocha agus Teicniúla, Inniúlacht Shibhialta a Thomhas san Eoraip, Táscaire ilchodach bunaithe ar Staidéar ar Oideachas Saoránach 1999 ó IEA do ghasúir 14 bliana d'aois ar Scoil], 2008.

- Moxon, D. and Bárta, O. (2018), *Structured Dialogue Cycle VI Thematic Report: Young People and the EU, European Steering Committee of the 6th Cycle of Structured Dialogue* [An Séú Timthriall Idirphlé Struchtúrtha, Tuarascáil Théamach: Daoine óga agus an tAontas, Coiste Stiúrtha Eorpach don Séú Timthriall Idirphlé Struchtúrtha], 2018.

- An Coimisiún Eorpach: *Eurobarometer, Future of Europe series, March 2021* [Eorabharaiméadar, Sraith Thodhchaí na hEorpa, Márta 2021].

- Parlaimint na hEorpa: *Study requested by CULT Committee, Education and youth in post-COVID-19 Europe – crisis effects and policy recommendations* [Staidéar a d'iarr Coiste CULT, Oideachas agus an Óige san Eoraip iar-COVID-19 – éifeachtaí géarchéime agus moltaí beartais], PE 690.872, Bealtaine 2021.

- Comhpháirtíocht na hóige: *Youth Partnership: Tomaž Deželan and Laden Yurttagüler, Pool of European Youth Researchers, Shrinking democratic space for youth*, [Comhpháirtíocht na hóige, Tomaž Deželan agus Laden Yurttagüler, Díorma na dTaighdeoirí Óige Eorpacha, Spás daonlathach don óige atá ag dul i laghad], 2021.

- *Council of Europe, Parliamentary Assembly, Resolution 2096 (2016) How can inappropriate restrictions on NGO activities in Europe be prevented?* [Comhairle na hEorpa, an Tionól Parlaiminteach, Rún 2096 (2016) Conas is féidir srianta míchuí ar ghníomhaíochtaí eagraíochtaí neamhrialtasacha san Eoraip a chosc?]

- Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

- Comhthionól Ginearálta na Gníomhaireachta Eorpaí um Fhaisnéis agus Comhairle don Aos Óg (ERYICA), an Chairt Eorpach um Fhaisnéis don Aos Óg, arna glacadh in Cascais (an Phortaingéil) an 27 Aibreán 2018.
- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus Coiste na Réigiún, an Comhshocrú Aeráide Eorpach, (COM(2020) 788 final).
- An tAontas Eorpach, Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, leathanach gréasáin Conference on the Future of Europe | European Commission (europa.eu)